An Roinn Oideachais agus Scileanna

Department of Education and Skills

Meastóireacht Scoile Uile

TUAIRISC

Gaelscoil an Choillín
An Coillín Mór, An Muileann gCearr
Contae na hlarmhí
Uimhir rolla: 20238V

Dáta na cigireachta: 15 Meán Fómhair 2015

AN ROINN OIDEACHAIS AGUS SCILEANNA | DEPARTMENT OF EDUCATION AND SKILLS

1. Réamhrá

Is bunscoil comhoideachas lán-Ghaeilge í Gaelscoil an Choillín atá ag feidhmniú faoi phatrúnacht an Fhorais Phatrúnachta. Tá an scoil lonnaithe i seomraí réamhdhéanta ar shuíomh sealadach taobh amuigh den bhaile i Muileann gCearr, ach tá amhras faoi thodhchaí an t-suímh seo ó thaobh cead pleanála de. Ag am na meastóireachta bhí 97 dalta ar na rollaí agus bhí a dtinreamh go maith. Ceathrar oidí príomhshrutha maraon le oide tacaíochta foghlama agus oide achmainne atá ar an bhfoireann. Dhírigh an Mheastóireacht Scoile Uile (MSU) ar cháilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí sa Bhéarla, sa Ghaeilge, sa Mhatamaitic agus sa Stair. Tugadh deis do bhord bainistíochta na scoile ar a thuairim a léiriú ar thorthaí agus ar mholtaí na tuairisce i scríbhinn, agus beidh freagra an bhoird ar fáil san aguisín atá leis an tuairisc seo.

2. Achoimre ar chinntí agus moltaí d'fhorbairt bhreise

Is iad seo a leanas **na príomhchinntí:**

- Tá cáilíocht obair an bhoird bhainistíochta an-rathúil agus tá na baill tiománta d'éiteas agus d'fhorbairt na scoile.
- Tugann an príomhoide ceannaireacht inmholta do phobal na scoile agus tacaíonn an fhoireann bhainistíochta inscoile go láidir léi.
- Tá cáilíocht na cumarsáide idir an scoil agus na tuismitheoirí inmholta.
- Tá atmaisféar dearfa le sonrú ar fud na scoile agus tá bainistíocht agus béasaí na ndaltaí an-mhaith.
- Ar an iomlán, tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí go maith tríd an scoil ach tá gá le difreálú a fheabhsú i ranganna áirithe.

Tá na **príomh-mholtaí** seo a leanas á ndéanamh:

- Moltar deiseanna labhartha sa bhreis a chur ar fáil do dhaltaí chun a scileanna béil agus a bhféinmhuinín a fhorbairt i mBéarla agus i nGaeilge.
- Moltar go ndéanfaí nasc níos láidre idir mheasúnú agus difreálú ar bhonn an dalta aonair agus na ranganna ilghráid sna seomraí éagsúla.

3. Cáilíocht bhainistíocht na scoile

- Tá cáilíocht obair an bhoird bhainistíochta an-rathúil. Tá an bord comhdhéanta mar is cóir agus tionóltar na cruinnithe go minic. Is léir go bhfuil na baill tiománta d'éiteas agus d'fhorbairt na scoile agus tá dualgaisí faoi leith ar chuid acu. Comhlíonann an bord a oibleagáid dhlíthiúil go consiasach agus forbraítear polasaithe na scoile go cúramach.
- Tá cáilíocht obair na foirne bainistíochta inscoile an-mhaith. Tugann an príomhoide ceannaireacht inmholta do phobal na scoile agus tá fís láidir aici don Ghaeilge agus d'fhoghlaim agus leas na ndaltaí. Roinntear dualgaisí cinnte thar na réimsí riaracháin, curaclaim agus tréadach ar gach ball den fhoireann bhainistíochta inscoile de réir

tosaíochtaí na scoile. B'fhiú don fhoireann bhainistíochta inscoile tuarascáil bhliantúil ar dhul chun cinn a ullmhú don bord.

- Déantar bainistíocht an-éifeachtach ar acmhainní na scoile. Sonraítear atmaisféar comhoibríoch i measc na foirne. Cé go bhfuil an scoil lonnaithe i seomraí réamhdhéanta ar shuíomh sealadach, cuirtear a lán acmhainní oideachais ar fáil i ngach seomra ranga agus cruthaítear timpeallacht spreagúil do na daltaí. Cuidíonn an rúnaí agus an fhoireann choimhdeach go mór le hobair na scoile.

- Le linn na meastóireachta bhí atmaisféar dearfach le sonrú ar fud na scoile agus bhí bainistíocht agus béasa na ndaltai an-mhaith. Ag freagairt do cheistneoirí na Cigireachta, léiríonn beagnach gach dalta go mothaíonn said sabháilte agus go dtaitníonn an scoil leo.

4. Cáilíocht na pleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile

- Tá cáilíocht an phróisis phleanála scoile agus na féinmheastóireachta scoile tairbheach. Cé go leantar próiseas sainchomhairleachta chun na polasaithe a chumadh, b'fhiú ionchur na dtuismitheoirí a láidriú san athbhreithniú. Tá na polasaithe riachtanacha i measc raon leathan polasaithe i bhfeidhm chun saol na scoile a stiúradh. Is inmholta go bhfuil plean straitéiseach deartha chun na polasaithe a athbhreithniú go rialta.

- Tugann na polasaithe curaclaim treorú úsáideach d'oidí ó thaobh ábhair de. B'fhiú, áfách, níos mó sonraí a leagan amach faoi mhódhanna múinte, teanga na Matamaitice agus clár céimnithe don stair áitiúl.

- Ó thaobh na pleanála ranga de, ullmhaíonn na múinteorí pleananna oiriúnacha dá gceachtanna. 'Sna pleananna ab fhearr, bhí na cuspóirí foghlama ag teacht leis na cuspóirí curaclaim agus rinneadh tagairt do mheasúnú agus don dhifreálú. Chun tógáil ar an gcleachtas seo, moltar go ndéanfaí nasc níos láidre idir measúnú agus difreálú ar bhonn an dalta aonair agus na ranganna ilghráid atá 'sna seomraí éagsúla.

- Tá tús maith curtha leis an bpróiseas féinmheastóireachta scoile agus tá pleananna gníomhaíochta deartha don Bhéarla agus don Mhatamaitic. Bhain an scoil dea-úsáid as raon fianaise chun spriocanna feabhsaithe a aithint. Chun an próiseas a fhorbairt a thuilleadh, moltar na spriocanna a scríobh go sonrach, intomhaiste agus nasc láidir a aithint le pleanáil agus obair ranga.

- Thug údaráis na scoile deimhniú go bhfuil glactha go foirmiúil ag an mbord bainistíochta leis na Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile, gan athrú ná leasú, agus go bhfuil cleachtas na scoile ag teacht lena n-éilítear faoi Nósanna Imeachta maidir le Caomhnú Leanaí i mBunscoileanna agus i Scoileanna Iarbhunscoile.

5. Cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí

- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí san iomlán go maith tríd an scoil. Cothaíonn na múinteoirí atmaisféar dearfach foghlama i ngach seomra agus úsáideann said acmhainní agus modhanna oiriúnacha chun suim agus rannphartaíocht na ndaltaí a chothú. De réir torthaí na gceistneoirí, tuairiscíonn tromlach mór na ndaltaí go dtaitníonn a gceachtanna agus a bhfoghlaim leo.

- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí go maith sa Ghaeilge. Cuirtear lántumoideachas i bhfeidhm go héifeachtach i ranganna na naíonáin

ar mhaithe le sealbhú na Gaeilge. Is í an Ghaeilge gnáth theanga na scoile agus tugann na h-oidí dea-shampla do na daltaí ó thaobh labhairt na Gaeilge de. Baintear úsáid as an modh cumarsáideach go minic agus labhraíonn tromlach na ndaltaí ar chaighdeán inmholta. Moltar deiseanna labhartha agus tascanna difreálaithe sa bhreis a chur ar fáil do mhionlach na ndaltaí ar mhaithe le muinín agus cruinneas teanga.

- Múintear an léitheoireacht go tairbheach agus tá raon leathan d'ábhair léitheoireachta ar fáil do na daltaí. Sroicheann tromlach na ndaltaí caighdeán ard sa léitheoireacht ach d'fhéadfaí díriú isteach ar fhuaimniú níos mó i ranganna áirithe. Déantar cúram maith don scríbhneoireacht agus scíobhann na daltaí go maith sna seánraí éagsúla. Aithrisítear raon dánta agus amhráin tríd an scoil.

- Provision for English is fully appropriate, although some aspects can be improved. Formal instruction in English commences in senior infants. The use of whole school themes for English and Irish is praiseworthy. While the overall quality of oral English is good, some pupils require more speaking opportunities to develop their confidence. Suitable standards are attained in reading and pupils have access to a good range of reading materials, including class novels. It is recommended that reading tasks be differentiated carefully in junior classes to match pupils' learning needs. Pupils write well in a variety of genres and teachers help their pupils to plan, structure and present their ideas effectively.

- *Tá an soláthar don Bhéarla lánoiriúnach, cé go bhfuil gnéithe ann gur féidir feabhas a chur orthu. Tosaítear ar an teagasc foirmiúil leis na naíonáin shinsearacha. Tá úsáid na dtéamaí uile scoile don Bhéarla agus don Ghaeilge le moladh. Cé go b'bhfuil caighdeán an Bhéarla o bhéal go maith ar an iomlán, teastaíonn deiseanna labhartha ó dhaltaí áirithe chun a muinín a fhorbairt. Sroichtear caighdeán fónta sa léitheoireacht agus tá raon maith d'ábhar léitheoireachta, úrscéalta san áireamh ar fáil do na daltaí. Moltar go ndéanfaí difreálú go cúramach ar thascanna léitheoireachta sna ranganna sóisireacha chun freastal ar riachtanais na ndaltaí. Scríobhann na daltaí go maith i raon seánraí agus cuidíonn na múinteoirí leo a smaointe a phleanáil, a eagrú agus a chur í látháir go héifeachtach.*

- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí inmholta sa Mhatamaitic. Múintear an tábhar trí Ghaeilge tríd an scoil, ach amháin i ranganna a cúig agus a sé. Baintear leas as raon acmhainní agus modhanna chun scileanna agus tuiscint na ndaltaí a fhorbairt. Leagtar béim oiriúnach ar theanga na Matamaitice agus ar Mhatamaitic intinne le linn na gceachtanna. Léiríonn freagraí agus obair na ndaltaí tuiscint chuí ar na snáitheanna éagsúla agus is léir go sroicheann formhór na ndaltaí caighdeán maith sa Mhatamaitic. Bailítear a lán eolais measúnaithe ar dhul chun cinn na ndaltaí agus moltar go n-úsádfaí an t-eolas seo chun difreálú a dhíriú.

- Tá cáilíocht an teagaisc, na foghlama agus ghnóthachtáil na ndaltaí an-mhaith sa Stair. Baintear úsáid inmholta as acmhainní ríomhaire, amlíntí agus griangrafanna chun na daltaí a chur ag obair mar stairithe agus chun fianaise a phlé. Éirionn leis na h-oidí an Stair a chomtháthú go héifeachtach le Dramaíocht, litearthacht agus Matamaitic ar mhaithe le tuiscint. Léiríonn formhór na ndaltaí tuiscint mhaith ar chróineolaíocht, stair phearsanta agus leanúnachas agus athrú in imeacht ama. Cé go ndéantar staidéar ar an imshaol áitiúl, b'fhiú clár céimniúil a leagan amach sa phlean scoile don ghné seo ar mhaithe le leanúnachas agus forbairt scileanna.

- Baintear úsáid mhaith as raon leathan modhanna measúnaithe tríd an scoil. Chomh maith le trialacha caighdeánta don litearthacht agus don uimhearthacht, úsáidtear raon d'uirlisí diagnóiseacha chun teacht ar riachtanais fhoghlama sonracha an dalta aonair. Coinnítear a lán sonraí ar dhul chun cinn na daltaí thar na réimsí curaclaim. Chuirfeadh

sé le héifeachtacht an chleachtais dá ndéanfaí nasc níos láidre idir measúnú agus difreálú i bpleanáil ranga.

6. Cáilíocht na tacaíochta do dhaltaí

- Tá ard-chaighdeán ag baint le cáilíocht an tsoláthair tacaíochta sa scoil. 'Sna ceachtanna a breathnaíodh, bhí an caidreamh idir na múinteoirí agus na daltaí thar a bheith dearfach agus ba léir go raibh na pleananna tacaíochta aonaracha ag tabhairt tacaíocht chuí don teagasc. Bhí struchtúr maith sna ceachtanna úd agus baineadh úsáid éifeachtach as raon gníomhaíochtaí foghlamtha oiriúnach. Soláthraíonn ha hoidí pleananna coicíse dá gcuid múinteoireachta agus iad ag cur i bhfeidhm na pleananna tacaíochta aonair. Moltar anois go gcuirfí ar fáil pleananna gearrthéarmacha seachtainiúil chun tacaíocht níos cuí a thabhairt don dul chun cinn incriminteach na ndaltaí le riachtanais oideachais speisialta, mar a luaitear sa *Treoirlínte Tacaíochta Foghlama* (2000). Ina theannta sin, moltar go go gcuirfí i bhfeidhm go córasach an cur chuige céimnithe mar atá sonraithe ag an tSeirbhís Náisiúnta Síceolaíochta Oideachais 'sna *Treoirlínte Maidir le Leanúntas Tacaíochta* (2007).

- Tá cáilíocht na cumarsáide idir an scoil agus na tuismitheoirí inmholta. Tacaíonn cumann na dtuismitheoirí go mór leis an scoil tríd a bheith pairteach in imeachataí na scoile. De réir torthaí na gceistneoirí, léirigh beagnach gach tuismitheoir go bhfuil fáilte rompu sa scoil agus go bhfuil said sásta leis an scoil.

Aguisín

Freagra na Scoile ar an Tuairisc

Arna chur isteach ag an Bord Bainistíochta

Réimse 1: Tuairimí ar ábhar na tuairisce scoile

Fáiltíonn Gaelscoil an Choillín roimh an tuairisc dearfach MSU seo. Táimid thar a bheith sásta go bhfuil aitheantas tugtha d'obair dhiain na múinteoirí agus d'ard-chaighdeán na h-oibre sa scoil. Tá an bord bainistíochta ag díriú ar mholtaí na gcigirí sa tuairisc MSU a chur i bhfeidhm i gcomhpháirtíocht leis an bhfoireann teagaisc agus tuismitheoirí na scoile.